Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**13935/19**

**JEUN 129**
**EDUC 445**
**SPORT 97**
**EMPL 558**
**SOC 737**
**DIGIT 164**
**SUSTDEV 160**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12681/19 +COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an Obair Dhigiteach don Óige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Obair Dhigiteach don Óige, a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dTionól na Comhairle (EYCS) ar an 21-22 Samhain 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## Obair Dhigiteach don Óige
## Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle –

AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AN MÉID A LEANAS

*AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU*

1. Cuireann na conclúidí ón gComhairle maidir le hobair chliste don óige leis an bhforbairt nuálach ar an obair óige san Eoraip agus ba cheart iarrachtaí feabhsaithe a dhéanamh leanúint leis an obair sin.

2. Tá ról ríthábhachtach ag an litearthacht dhigiteach agus ag scileanna eile an 21ú haois ar mhaithe le neamhspleáchas, cuimsiú sóisialta, infhostaitheacht agus saol laethúil daoine óga. Tá inniúlachtaí éagsúla ag daoine óga a chuireann ar a gcumas oibriú i dtimpeallachtaí digitithe. Mar sin féin, ní mór cur chuige gasta, solúbtha agus criticiúil a bheith ag gach duine óg maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach sa saol oibre agus sa saol laethúil amach anseo.

3. Ní mór an bhearna dhigiteach a dhúnadh.[1] Ba cheart go mbeadh comhionannas deiseanna ann do dhaoine óga uile lena n-inniúlachtaí a fheabhsú, gan beann ar a gcúlra[2].

4. Is féidir leis an obair dhigiteach don óige cabhrú le spriocanna Eorpacha don Óige[3] a bhaint amach.

5. Is gá aghaidh a thabhairt ar bhearnaí inscne maidir le hinniúlachtaí digiteacha agus maidir le gníomhaíochtaí digiteacha, mar is gá aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha.

---

[1] Leis an "mbearna dhigiteach" áirítear go sonrach rochtain ar TFCanna, chomh maith leis na scileanna gaolmhara is gá chun páirt a ghlacadh sa tsochaí faisnéise.

[2] Is féidir an "bhearna dhigiteach" a aicmiú de réir inscne, aoise, oideachais, ioncaim, grúpaí sóisialta nó suíomh geografach.

[3] Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Straitéis an Aontais i leith na hÓige 2019-2027

6. Tá féidearthachtaí suntasacha ag an obair óige don fhoghlaim ó thaithí a éascú i suíomh neamhfhoirmiúil agus a ligean do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí chun a gcuid inniúlachtaí digiteacha agus litearthacht sna meáin a neartú. Chomh maith leis sin, is féidir leis an obair óige cabhrú le daoine óga atá i mbaol a bheith fágtha ar gcúl i sochaí dhigiteach a bheith rannpháirteach.

7. Ba cheart cur chuige, spriocanna, prionsabail agus teorainneacha gairmiúla san obair óige a mheas i gcomhthéacs na digiteála agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar a dtionchar i bhfianaise an mhéid sin.

8. Tugann an obair óige an chumhacht do dhaoine óga a bheith gníomhach agus cruthaitheach sa tsochaí dhigiteach, cinntí eolasacha réasúnaithe a dhéanamh, agus freagracht a ghlacadh agus rialú a dhéanamh ar a bhféiniúlacht dhigiteach. Ina theannta sin, féadfaidh an obair óige cabhrú le daoine óga dul i ngleic le rioscaí ar líne a bhaineann le hiompar, inneachar, teagmháil agus leis an gcumarsáid tráchtála[4], lena n-áirítear fuathchaint, cibearbhulaíocht, bréagaisnéis agus bolscaireacht.

9. Is minic gurb é a thuigtear le digiteáil na hoibre óige ná úsáid na meán sóisialta. Mar sin féin, tá teicneolaíochtaí digiteacha nua ag teacht chun cinn go tapa. Is iad an intleacht shaorga, an réaltacht fhíorúil, róbataic agus an teicneolaíocht blocshlabhra, *inter alia*, a théann i bhfeidhm ar ár sochaithe i bhfad níos faide ná réimse na cumarsáide. Ní hamháin go bhfuil gá le hinniúlachtaí digiteacha bunúsacha, ach tá inniúlachtaí digiteacha sonracha a chuireann feabhas ar infhostaitheacht daoine óga tábhachtach freisin. Leis an obair óige, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóineasú idir timpeallachtaí digiteacha agus fisiciúla, tairbhe a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an gclaochlú digiteach, agus aghaidh a thabhairt i gcomhthráth ar dhúshláin maidir le seirbhísí.

10. Tá tionchar freisin ag an dul chun cinn gasta sna meáin dhigiteacha agus sa teicneolaíocht dhigiteach le blianta beaga anuas ar an obair óige. Mar sin féin, tá líon suntasach cleachtóirí san obair óige ann nach bhfuil na hinniúlachtaí ná an t-eolas cuí acu chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun obair ardcháilíochta don óige a sholáthar ar chúiseanna airgeadais, struchtúrtha, ábhartha nó riaracháin.

[4] https://www.childnet.com/ufiles/Supporting-Young-People-Online.pdf

11. Tá go leor doiciméad don bheartas óige easnamhach maidir leis na bealaí ina mbeidh tionchar ag an digiteáil ar an tsochaí, ar dhaoine óga agus ar an obair óige. Tá cur chuige iomlánaíoch easnamhach ag mórán straitéisí freisin maidir le forbairt a dhéanamh ar an obair óige sa ré dhigiteach.

*IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

12. Beartais óige agus straitéisí a chur chun cinn agus a fhorbairt agus a ndícheall a dhéanamh leo a bheith réamhghníomhach maidir le forbairt theicneolaíoch agus an digiteáil. Ba cheart, agus beartais a bhfuil tionchar acu ar shaol daoine óga á ndearadh, tionchar na digiteála ar shochaithe, lena n-áirítear cleachtais agus seirbhísí obair óige, a chur san áireamh agus a mheasúnú. Chuige sin, ba cheart dlús a chur leis an gcomhar trasearnála idir na hearnálacha beartais ábhartha agus na geallsealbhóirí ábhartha.

13. I gcás inarb infheidhme, áireofar ina straitéisí don óige nó i bpleananna ábhartha beartais eile, i gcás inarb iomchuí, spriocanna soiléire agus céimeanna nithiúla chun obair dhigiteach don óige a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus an tionchar atá aige sin ar dhaoine óga agus ar an obair óige a mheas. Ba cheart na spriocanna sin a bheith bunaithe ar eolas, ar fhianaise agus ar shonraí a bhaineann le hinniúlachtaí digiteacha daoine óga, agus ar na riachtanais le haghaidh seirbhísí don obair óige.

14. An obair óige agus eagraíochtaí don aos óg a spreagadh chun na spriocanna sin a shaothrú agus a gcuid gníomhaíochtaí agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt i gcomhréir lena gcuid leasanna agus riachtanais shonracha, agus modheolaíochtaí nuálacha a úsáid chun tacú le torthaí don obair óige a bhaint amach, lena n-áirítear trí obair dhigiteach don óige.

15. Bealaí cur chuige turgnamhacha, nuálacha agus samhlacha comhair nua a mheas, i gcás inarb iomchuí, chun gníomhaíochtaí agus seirbhísí digiteacha a bhaineann le hobair óige a sheachadadh.

16. Infheistíocht a dhéanamh agus treoirlínte a bhunú chun acmhainneacht dhigiteach a fhorbairt i measc oibrithe óige, eagraíochtaí don aos óg agus eagraíochtaí a dhéanann obair óige, i gcás inar gá. D'fhéadfaí an obair dhigiteach don óige a leabú sa churaclam gairmiúil maidir le hoibrithe óige agus oiliúint do shaorálaithe, agus mar chuid de sin, d'fhéadfaí oideachas agus oiliúint leanúnach d'oibrithe óige a chur san áireamh.

17. Oibrithe óige agus daoine óga a spreagadh chun a gcuid inniúlachtaí digiteacha a mhéadú agus a fheabhsú i bpróiseas comhfhoghlama.

18. Úsáid na n-ábhar atá ann cheana a chur chun cinn[5] agus inneachar agus oiliúint nua don obair dhigiteach don óige a fhorbairt trí leas a bhaint *inter alia* as liosta na riachtanas oiliúna a mhol an grúpa saineolaithe[6] a bunaíodh faoi Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige do 2016-2018. Ina theannta sin, oiliúint a eagrú ar fhorbairt straitéiseach maidir leis an obair dhigiteach don óige.

19. Spás agus coinníollacha a chruthú le haghaidh turgnaimh chun uirlisí agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt san obair óige, agus chun an obair óige, taighde ar an óige agus an earnáil TFC a thabhairt le chéile chun cleachtais rathúla a fhorbairt maidir leis an obair dhigiteach don óige agus an taithí sin a roinnt go comhpháirteach.

20. Deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga chun a gcuid inniúlachtaí digiteacha a chleachtadh agus a fheabhsú i suíomhanna éagsúla óige, lena n-áirítear príomhréimsí inniúlachta digití mar a liostaítear i gCreat Inniúlachta Digiteach DigComp 2.1: litearthacht faisnéise agus sonraí; cumarsáid agus an comhoibriú; cruthú ábhair; sábháilteacht; agus réiteach fadhbanna. Is féidir, mar chuid de mhódúlachtaí foghlama, an fhoghlaim ó thaithí, meantóireacht droim ar ais agus comhar ó ghlúin go glúin a chuimsiú.

---

[5] E.g. bosca uirlisí Salto don oiliúint agus obair óige, https://www.salto-youth.net/tools/toolbox/

[6] Áirítear leis na riachtanais oiliúna a shainigh an sainghrúpa maidir leis “Na rioscaí, na deiseanna agus na himpleachtaí a ghabhann le digiteáil sa mhéid a bhaineann leis an óige, le hobair óige agus le beartas óige” 1. Digiteáil na sochaí, 2. Obair dhigiteach don óige a phleanáil, a dhearadh agus a mheasúnú, 3. Litearthacht faisnéise agus sonraí, 4. Cumarsáid, 5. Cruthaitheacht dhigiteach, 6. Sábháilteacht agus 7. Machnamh agus meastóireacht (https://publications.europa.eu/s/fouj)

21. Daoine óga a chumhachtú, lena n-áirítear iad siúd a mheasann nach bhfuil éisteacht a fháil acu agus/nó nach bhfuil mórán deiseanna acu, páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta dhaonlathacha, lena n-áirítear Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, trí iad a mhealladh i gcineálacha difriúla rannpháirtíochta daonlathaí, idir chineálacha digiteacha agus chineálacha eile nuálacha agus malartacha.

22. Na bacainní go léir a mheas, lena n-áirítear idirdhealú agus steiréitíopáil ar bhonn inscne de gach cineál, ar bacainní iad a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar na deiseanna agus ar an spreagadh atá ag daoine óga maidir leis an inniúlacht dhigiteach a shealbhú tríd a gconairí oideachais, oiliúna agus gairmiúla, agus dul i mbun staidéir agus gairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEAM).

23. An ról a bhíonn ag an obair óige a neartú chun tacú le daoine óga úsáid chruthaitheach a bhaint as an teicneolaíocht agus na scileanna a thabhairt dóibh a bheith ina dtomhaltóirí criticiúla agus ina gcruthaitheoirí gníomhacha araon i dtéarmaí teicneolaíochta.

24. Rochtain níos fearr a chur chun cinn do dhaoine óga, go háirithe iad siúd ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu agus dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta, nó i gcás nach bhfuil rochtain aghaidh ar aghaidh acu indéanta, ar sheirbhísí don obair óige trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.

*IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

25. Malartú dea-chleachtais a spreagadh maidir le straitéisí digiteacha a chur chun feidhme agus a fhorbairt, lena n-áirítear trí leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus + agus le hionstraimí cistiúcháin ábhartha eile de chuid an Aontais.

26. Ardáin dhigiteacha agus fhisiciúla atá ann cheana a chur chun cinn agus a úsáid do ghníomhaíochtaí piarfhoghlama chun an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid san obair óige mar uirlis, mar ghníomhaíocht nó mar inneachar.

27. Imeachtaí a eagrú le daoine óga, oibrithe óige, saineolaithe, taighdeoirí agus le lucht earnála TFC a thabhairt le chéile chun bealaí nua agus cuir chuige nua a chur chun cinn maidir leis an teicneolaíocht a úsáid san obair óige.

28. Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don taighde uile-Eorpach chun an t-eolas maidir leis an tionchar a bhíonn ag an digiteáil ar dhaoine óga agus ar an obair óige a mhéadú.

29. Na hinniúlachtaí digiteacha a fheabhsú trí fhoghlaim agus oiliúint neamhfhoirmiúil, agus ag cur san áireamh an próiseas a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn é a leathnú leis an obair óige.

<u>**Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN**</u>

**A. Tagairtí**

Agus na conclúidí seo á nglacadh aici, tugann an Chomhairle dá haire na doiciméid seo a leanas:

1. Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair óige chliste (2017/C 418/02)
2. Conclúidí ón gComhairle maidir le leanaí a chosaint sa saol digiteach (IO C 372, 20.12.2011, lch. 15-18)
3. Sainghrúpa arna chur ar bun faoi Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige do 2016-2018 maidir leis "Na rioscaí, na deiseanna agus na himpleachtaí a ghabhann le digiteáil sa mhéid a bhaineann leis an óige, le hobair óige agus le beartas óige": Obair dhigiteach don óige a fhorbairt – Moltaí beartais agus riachtanais oiliúna (2017);
4. An Coimisiún Eorpach. DigComp 2.1: *The Digital Competence Framework for Citizens with eight proficiency levels and examples of use* [An Creat Inniúlachta Digiteach do Shaoránaigh a bhfuil ocht leibhéal cumais agus samplaí úsáide acu] (2017);
5. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, COM(2018) 22 final;
6. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Eorpach le haghaidh Idirlíon Níos Fearr do Leanaí (COM/2012/0196 final)
7. An Coimisiún Eorpach. *Study on the Impact of the Internet and Social Media on Youth Participation and Youth Work* [Staidéar ar an tionchar atá ag an idirlíon agus na meáin shóisialta maidir le rannpháirtíocht na nóg agus an obair óige] (2018);
8. Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle, maidir le Creat nua Eorpach i réimse na hóige: *The European Union Youth Strategy 2019-2027* [Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027] (2018/C 456/01)
9. Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88)

10. Moladh ón gComhairle maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (2018/C 189/01)
11. An tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal *Gender equality and youth: opportunities and risks of digitalization* [Comhionannas inscne agus an óige: deiseanna agus rioscaí a bhaineann leis an digiteáil] (14348/18 ADD 2)
12. Screenagers: *Using ICT, digital and social media in youth work.* [Scáileánóirí: TFC, na meáin dhigiteacha agus shóisialta a úsáid san obair óige]. Athbhreithniú ar thorthaí taighde ón Ostair, ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ó Thuaisceart Éireann agus ó Phoblacht na hÉireann (2016)
13. Tuarascáil ó Shiompóisiam Chomhpháirtíocht na hÓige de chuid an Aontais Eorpaigh-Comhairle na hEorpa — *Connecting the dots: Young people, social inclusion and digitalization* [Na poncanna a nascadh: Daoine óga, cuimsiú sóisialta agus an digiteail] (Taillinn, 26-28 Meitheamh 2018)

**B. Sainmhínithe**

Chun críche na gconclúidí seo ón gComhairle:

- Is éard atá i gceist le "inniúlachtaí digiteacha" an úsáid mhuiníneach, chriticiúil agus fhreagrach a bhaintear as na teicneolaíochtaí digiteacha, agus páirt a ghlacadh iontu, ar mhaithe leis an bhfoghlaim, ag an obair, agus le rannpháirtíocht a ghlacadh sa tsochaí. Áirítear ann [...] litearthacht faisnéise agus sonraí, cumarsáid agus comhoibriú, litearthacht sna meáin, cruthú ábhair dhigitigh (lena n-áirítear clársceidealú), sábháilteacht (lena n-áirítear an dea-bhail dhigiteach agus inniúlachtaí digiteacha a bhaineann leis an gcibearshlándáil), ceisteanna a bhaineann le maoin intleachtúil, [...] réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil. (Foinse: Moladh ón gComhairle maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (2018/C 189/01)

- Ciallaíonn "obair dhigiteach don óige" úsáid réamhghníomhach nó aghaidh a thabhairt ar mheáin dhigiteacha agus ar an teicneolaíocht san obair óige. Is féidir le meáin dhigiteacha agus le teicneolaíocht dhigiteach a bheith mar uirlis, mar ghníomhaíocht nó mar inneachar san obair óige. Ní modh a bhaineann le hobair óige í an obair dhigiteach don óige. Is féidir an obair dhigiteach don óige a áireamh in aon suíomh oibre don óige agus tá na spriocanna céanna aici agus atá ag an obair óige i gcoitinne. Is féidir an obair dhigiteach don óige a dhéanamh i gcásanna aghaidh ar aghaidh agus i dtimpeallachtaí ar líne freisin, nó trí mheascán den dá mhodh sin. Tá an eitic, na luachanna agus na prionsabail chéanna a bhaineann leis an obair óige mar bhonn agus mar thaca ag an obair dhigiteach don óige. (Foinse: https://publications.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/fbc18822-07cb-11e8-b8f5-01aa75ed71a1)

- Tagraíonn an "bhearna dhigiteach" don idirdhealú idir iad siúd a bhfuil rochtain ar an idirlíon acu agus atá in ann úsáid a bhaint as seirbhísí nua a thairgtear ar an nGréasán Domhanda, agus iadsan atá eisiata ó na seirbhísí sin. Ar leibhéal bunúsach, tá rannpháirtíocht na saoránach agus na bhfiontar i sochaí na faisnéise ag brath ar rochtain ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), i.e. gairis leictreonacha a bheith ann, amhail ríomhairí, agus naisc idirlín. Áirítear go soiléir sa téarma sin rochtain ar TFCanna, chomh maith leis na scileanna gaolmhara is gá chun páirt a ghlacadh sa tsochaí faisnéise. Is féidir an bhearna dhigiteach a aicmiú de réir critéir a thugann tuairisc ar an difríocht sa rannpháirtíocht de réir inscne, aoise, oideachais, ioncaim, grúpaí sóisialta nó suíomh geografach. (Foinse: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Glossary:Digital_divide)

---